

## Ábhar

## Na Scríbhneoirí Úra

### Téacs Físe

**An Dr. Ríona Nic Congáil ag labhairt faoin ngrúpa Na Scríbhneoirí Úra.**

### Forbairt Bhreise

**Eagarfhocal *Comhar*, Deireadh Fómhair 2009 (Ríona Nic Congáil).**

**Le caoinchead ó *Comhar* agus ón údar.**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfá a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



# Na Scríbhneoirí Úra

## Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír fise ina bhfuil an Dr. Riona Nic Congáil ag labhairt faoin ngrúpa Na Scríbhneoirí Úra. Sula bhféachfaidh tú ar an mír déan an réamhobair thíos.

### Plé

- Déanann Riona tagairt don bhlagadóireacht mar bhealach chun na scríbhneoirí úra a chur i dteagmháil le chéile. An bhfuil blaganna ar leith ann a leanann tusa? Cad iad? Cad a cheapann tú den bhlagadóireacht i gcoitinne?

### Tascanna

- Cad iad na slite ina ndéanann tusa teagmháil le do lucht aitheantais? Pléigh na nithe seo thíos. I gcás ceann amháin, scríobh cuntas air a mhíneodh go beacht cad atá i gceist leis an ngné áirithe sin den chumarsáid agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis.

ríomhphost  
blagadóireacht  
*twitter*  
*facebook*  
fón póca

- Luann Riona na seánraí scríbhneoireachta seo: úrscéalaíocht, gearrscéalaíocht, iriseoireacht, scríbhneoireacht do pháistí, filíocht. Cé acu ceann a thaitníonn leatsa? Cad é an t-úrscéal, gearrscéal, dán, leabhar do leanáí is fearr a léigh tú? Scríobh léirmheas ar an gceann is fearr a thaitin leat. Roghnaigh pobal ar leith léitheoirí do do léirmheas agus cuir do chuid scríbhneoireachta in oiriúint don phobal sin.

## Éisteacht

Féach ar an mír agus ansin, ag obair le do pháirtí, scríobh cuntas ar na scríbhneoirí úra bunaithe ar an méid a chuala tú.

## Feasacht Teanga

- Cén rud é an Léann Éireannach?

- Féach ar na focail thíos a úsáideann Ríona. Cé acu ceann atá litrithe i gceart? Dá mbeifeá idir dhá chomhairle, cá bhfaighfeá an t-eolas?

|                  |                  |
|------------------|------------------|
| scríobhnóireacht | scríbhneoireacht |
| teagmháil        | teangmháil       |
| feicimid         | feicimid         |
| scríbhinní       | scríbhinní       |
| ardán            | árdán            |

- Cad é an difear idir ‘liteartha’, ‘litríocht’ agus ‘litearthacht’? Cuir in abairtí iad agus cuir Gaeilge ar na frásaí seo:

literary festival  
 literature festival  
 literature review  
 literacy problems

- Féach ar na frásaí thíos – cén ghné den ghramadach atá i gceist iontu?

go dtí an blog / breathnú ar an mblog  
 ag déanamh staidéir ar an nGaeilge  
 in earnáil an ghnó  
 faoin tSeapáin

- Féach ar na focail seo a mbaintear úsáid go minic astu sna cúrsaí léinn. Cén inscne atá i gceist? Pléigh agus déan iarracht an t-alt a chur leo.

úrscéalaíocht  
 úrscéal  
 úrscéalaí  
 iriseoireacht  
 iriseoir  
 iris  
 filíocht  
 file  
 amhrán

## Iarobair

### Plé

An dóigh leat go mbaineann do ghlúin féin leis an aerthaisteal, mar a deir Ríona?  
 An bhfuil mórán taistil déanta agat? Cad iad na tíortha ar mhaith leat cuairt a thabhairt orthu?

## Tascanna

1. Faigh níos mó eolais faoi cheann de na nithe seo (i) An Léann Éireannach i Meiriceá; (ii) an fhéile Imram; (iii) an fhéile ‘Leabhar Power’; (iv) scríbhneoireacht do pháistí i nGaeilge; (v) blaganna i nGaeilge. Scríobh tuairisc ar an eolas a bhailíonn tú.
2. Léigh an téacs – eagarfhocal a scríobh Ríona san iris *Comhar* in eagrán na Scríbhneoirí Úra agus pléigh na ceisteanna seo bunaithe ar an téacs.
  - ‘...iontais an domhain a bhlaiseadh...’ An bhfuil aon iontas ar leith ba mhaith leat féin a bhlaiseadh ó thaobh an taistil de?
  - ‘...b’fhéidir go n-admhódh an drochscéalaí gurb í seo an chéad ghlúin agus an ghlúin dheireanach a leagfaidh cos in áiteanna andúchasacha, anaithnide...’ Cad atá i gceist ag Ríona leis an abairt seo?
  - ‘...go bhfuilimid compordach lenár bhféiniúlacht Ghaelach, a ligeann dúinn teangacha is cultúir eile a bhlaiseadh, agus na gnéithe is fearr díobh a fhí is a fhuáil isteach inár gcultúr féin...’ Cén rud é féiniúlacht Ghaelach, dar leat?
  - ‘...ní thugaimid aghaidh ar chultúir eile, agus ní féidir linn leas a bhaint astu, go dtí go bhfuilimid mar mháistrí ar ár dteanga féin, go dtí go dtuigimid ár stair umhal féin...’ An aontaíonn tú leis an tuairim seo?
3. Pléigh na gnéithe den ghramadach atá i gceist sna frásaí thíos as an téacs:

chun na Breataine Bige  
roth mór na scríbhneoireachta Gaelaí
4. ‘gnáth-thaistealaí’

Scríobh an réimír ‘gnáth-’ leis na focail seo:  
áit, duine, leabhar, tuairisc, teachtaireacht.
5. ‘ar comhchéim’: Cén fáth nach bhfuil séimhiú tar éis an réamhfhocail ‘ar’ thuas?
6. Faigh (i) an leabhar *Blaiseadh Pinn* nó; (ii) eagrán na scríbhneoirí úra de *Comhar* (Deireadh Fómhair 2009) agus roghnaigh píosa amháin scríbhneoireachta as le léirmheas a dhéanamh air. Liostaigh na focail nua ar tháinig tú orthu sa phíosa.

## Téipscript

*A Ríona, cé hiad na Scríbhneoirí Úra agus céard a bhíonn á scríobh acu?*

Bhuel nuair a bunaíodh na Scríbhneoirí Úra ba mhic léinn agus iníonacha léinn Ollscoile iad formhór na scríbhneoirí agus bhí siad uilig ag déanamh staidéir ar an nGaeilge agus bhí an-spéis go deo acu sa litríocht. Anois tá an phróifíl\* aoise i ndiaidh athrú beagáinín – ’sé sin na daoine sin a thosaigh amach mar mhic léinn tá siad ag obair anois mar léachtóirí óga, mar mhúinteoirí óga, nó fiú amháin in earnáil an ghnó chomh maith. Ach chomh maith leis sin, tá mic léinn níos óige fós sa chumann, daoine i Meiriceá – mar tá an-rath ar an Léann Éireannach i Meiriceá faoi láthair – agus daoine óga in Ollscoileanna ar fud na hÉireann chomh maith.

*Agus céard go díreach a bhíonn ar siúl acu mar ghrúpa? An mbíonn imeachtaí ar leith acu nó an mbíonn sibh rannpháirteach i rudaí ar leith?*

Bíonn an-chuid imeachtaí ar siúl ag na scríbhneoirí óga. Tá blag againn ar dtús agus tá sé sin mar chroílár an ghréasáin tacaíochta is dócha. Agus cuirimid an-chuid eolais ar an mblag sin faoi phodchraoltaí agus imeachtaí liteartha agus mar sin de. Déanaimid iarracht cúpla ceardlann a eagrú i rith na bliana le cinntiú go gcuireann na scríbhneoirí úra aithne ar a chéile, mar tá siad lonnaithe ar fud na tíre agus i Meiriceá chomh maith. Agus chomh maith leis sin, bíonn ócáidí liteartha ar siúl i rith na bliana agus déanaimid iarracht páirt a ghlacadh iontu – rudaí cosúil le ‘Leabhar Power’ do na scríbhneoirí do pháistí, chomh maith leis sin rudaí cosúil leis an bhFéile Litríochta ‘Imram’ agus ‘Aonach na Leabhar’ i mBaile Átha Cliath agus mar sin de. Agus sin iad na rudaí is tábhachtaí. Chomh maith leis sin, déanaimid iarracht rud éigin a fhoilsiú in aghaidh na bliana – arú anuraidh chuireamar *Blaiseadh Pinn* i gcló agus thug sé sin an deis do scríbhneoirí úra a scríbhinní a chur os comhair an phobail agus aiseolas a fáil. So déanaimid iarracht ardán a thabhairt do na scríbhneoirí sin.

*Agus an mbíonn na seánraí éagsúla á gcleachtadh acu?*

Baineann siad úsáid as gach seánra a déarfainn agus bíonn an-spéis acu sna seánraí uilig. Tá úrscéalaithe inár measc, gearrscéalaithe, iriseoirí, scríbhneoirí do pháistí, filí agus mar sin de. Agus bíonn téamaí éagsúla i gceist. Ach feicimid go dtagann téama an taistil chun cinn nó chun solais arís is arís i scríbhinní na ndaoine seo – ’sé sin baineann an ghlúin s’againne leis an aerthaisteal is dócha, ’sé sin go mbíonn deiseanna againn a bheith ag dul ar fud an domhain, agus feicimid an téama sin san fhilíocht. Mar shampla tá file óg ann, Ailbhe Ní Ghearbhuigh is ainm di, agus scríobh sise dánta faoi Chinatown i Nua-Eabhrac. Ansin tá scríbhneoirí do pháistí ann cosúil le Laoise Ní Chomhraí agus scríobh sise leabhar faoin tSeapáin – ’sé sin *Ag Taisteal le Tarlach sa tSeapáin*. So feicimid go mbíonn an téama sin le feiceáil ar fud na háite sna scríbhinní seo.

*Agus an bhféadfadh mic léinn óga, mic léinn atá sna hollscoileanna anois, sórt clárú leis an ngrúpa nó a bheith rannpháirteach in obair an ghrúpa?*

Bhuel, mholfainn dóibh dul go dtí an blag, breathnú ar an mblag agus teagmháil a dhéanamh linn. Tá na sonraí uilig le feiceáil ansin má tá spéis acu sa scríbhneoireacht do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, agus má dhéanann siad teagmháil linn déanfaimid iarracht cúnamh a thabhairt dóibh agus moltaí a thabhairt dóibh maidir leis an litríocht agus leis an scríbhneoireacht.

\* ‘próifil’ a deirtear.

## Téacs

Is mithid dom mo phas a athnuachan den chéad uair riamh an mhí seo. Braithim rud beag aisteach agus mé ag oscailt mo sheanphas: breathnaím siar ar mo stair phearsanta le deich mbliana anuas, a taifeadadh i ngan fhios dom. Feicim an t-aistear ón óige go saol an duine fhásta; na tíortha as ar fáisceadh agus as ar fuineadh mé; na bealaí a roghnaigh mé sa saol. Tá lorg dúigh le feiceáil ar an gclúdach, a mheabhraíonn laethanta luatha na scríbhneoireachta dom nuair a bhí fuadar chun pinn fúm: coinníodh na nithe ba luachmháire, peann na hinspioráide agus an pas, taobh le taobh i mo mhála an tráth sin. Léiríonn an lorg dúigh bogás na hóige fosta – sular thuig mé na deacrachtaí a bhí ag daoine óga as mór-ranna eile pasanna a fháil chun iontais an domhain a bhlaiseadh. Tá clúdach cosantach ar mo phas anois, bronntanas ó mo mháthair tar éis an eachtra dúigh, comhartha an spleáchais in ainneoin m'iarrachtaí mar dhéagóir chun mo sheolta a ardú. Stánann mo shíniú as Béarla orm, coimhthíoch anois, agus m'fhéiniúlacht nasctha go dlúth le teanga na Gaeilge.

Tugann an pas Éireannach, i dteannta shaoirse an aerthaistil, féidearthachtaí as cuimse do mo ghlúinse, agus b'fhéidir go n-admhódh an drochscéalaí gurb í seo an chéad ghlúin agus an ghlúin dheireanach a leagfaidh cos in áiteanna andúchasacha, anaithnide. Baineann Scríbhneoirí Úra na Gaeilge leis an nglúin seo agus cé go bhfuil pas againn go léir, a dhéanann taifead ar stair phearsanta an duine óig ag teacht i méadaíocht, an rud is suntasaí fúinn ná go bhfuilimid compordach lenár bhféiniúlacht Ghaelach, a ligeann dúinn teangacha is cultúir eile a bhlaiseadh, agus na gnéithe is fearr díobh a fhí is a fhuáil isteach inár gcultúr féin. Dar ndóigh, ba thrí spleáchadh ar chultúr is ar theanga na Catalóine a saolaíodh Cumann Scríbhneoirí Úra na Gaeilge an chéad lá riamh.

Tá roth mór na scríbhneoireachta Gaelaí ag casadh agus tá deireadh leis na laethanta nuair a bhí fealsúnacht agus aistir Sheosaimh Mhic Grianna chun na Breataine Bige ní b'allúraí ná aon ní eile sa teanga, cé nach ndéantar dearmad orthu. Ina áit sin, tá an domhan amuigh, ón Nua-Shéalainn go Cúba mar phríomhthobar na hinspioráide do scríbhneoirí úra is óga araon, agus é ar comhchéim le hÁrainn is le Corca Dhuibhne i saothar na scríbhneoirí a d'imigh romhainn. Cailltear beagán agus baintear mórán sa phróiseas seo, mar ní thugaimid aghaidh ar chultúr eile, agus ní féidir linn leas a bhaint astu, go dtí go bhfuilimid mar mháistrí ar ár dteanga féin, go dtí go dtuigimid ár stair umhal féin. B'fhéidir gurb iad ár dteanga agus ár gcultúr na pasanna is luachmháire atá againn, a ligeann dúinn spleáchadh a fháil ar nithe nach bhfeiceann an gnáth-thaistealaí.

Agus mé ag cur isteach ar phas nua deich mbliana, lena leathanaigh fholmha, déanaim mo mhachnamh ar an áit a mbeidh mise agus na Scríbhneoirí Úra faoi cheann deich mbliana eile: na leathanaigh ar a mbeidh stampaí; an stair a bheidh taifeadta; an dúch a bheidh doirte mar chuid den phróiseas agus an treo a bheidh roghnaithe againn do litríocht na Gaeilge san aonú haois is fiche.

As *Comhar*, Deireadh Fómhair 2009 (Ríona Nic Congáil).  
Le caoinchead ó *Comhar* agus ón údar.